C/2025/1044

13.2.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/1044)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Afyon Sucuğu’

Uimh. CE: PGI-TR-03215 - 19.3.2024

TGFC (X) ATFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Afyon Sucuğu’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

Poblacht na Tuirce

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó an táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge (a liostaítear in Iarscríbhinn XI)*

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

Cód ainmníochta comhcheangailte

04 - TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is táirge feola coipthe é ‘Afyon Sucuğu’ a tháirgtear trí mheascán d’fheoil mhionaithe Buabhaill Anatólaigh, mairteoil, agus geir a líonadh go docht le spíosraí, salann, agus roinnt breiseán (leasaithigh agus frithocsaídeoirí) isteach i stéig bheag thriomaithe nó truaill collaigine thriomaithe caorach. Féadfar cóireáil teasa a dhéanamh ar an táirge chun sábháilteacht bia bhreise a áirithiú. Bíonn cuma mhósáice ar a thrasghearradh.

Comhdhéanamh ‘Afyon Sucuğu’:

— Feoil iomlán : Íosmhéid 70 %
  — Ó bhuabhaill uisce : Íosmhéid 10,5 %
  — Ó eallach : Uasmhéid 60 %
— Geir : Uasmhéid 22,5 %

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Spíosraí / Breiseáin : Uasmhéid 7,5 %

— Salann : Uasmhéid 2,0 %

— Piobar dearg meilte (te) : Uasmhéid 0,8 %

— Piobar dearg meilte (milis) : Uasmhéid 0,8 %

— Cuimín : Uasmhéid 1,0 %

— Gairleog : Uasmhéid 3-5 %

— Siúcra : Uasmhéid 0,6 %

— Piobar dubh meilte : Uasmhéid 0,5 %

— Ilspíosraí : Uasmhéid 0,3 %

— Sinséar : Uasmhéid 0,1 %

— Cobhsaitheoirí : Uasmhéid 0,325 %

— Leasaithigh : Uasmhéid 0,015 %

— Frithocsaídeoirí : Uasmhéid 0,04 %

— pH : Íosmhéid 5,40

Seo a leanas comhdhéanamh 'Afyon Sucuğu' atá réidh le hithe.

— Is é 16 % ar a laghad an luach iomlán den phróitéin feola de réir maise

— Is é 20 % ar a mhéad an méid collaigine i mais iomlán na bpróitéiní feola,

— Tá an cóimheas idir cion taise agus méid iomlán na próitéine feola faoi bhun 2,5,

— Tá an cóimheas idir an méid saille agus méid iomlán na próitéine feola faoi bhun 2,5,

— Is é 5,4 an t-uasluach pH,

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Toisc amháin a chuireann le saintréithe 'Afyon Sucuğu' is ea córas beathaithe na mbuabhall Anatólach. Beathaítear buabhaill Anatólacha ar fharae de réir an tséasúir, is é sin, seamair thirim, agus giolcacha úra ar a dtugtar 'frig' a fhástar i mbogaigh, agus beathaítear iad i bhféarach ag a bhfuil flóra uathúil. Bíonn flóra uathúil ag Afyonkarahisar ina fhéarach de thoradh na haeráide crua agus na ngnéithe geografacha a bhaineann leis. Tá 1 800 tacsan speiceas agus fospeiceas ann ar le 110 fine iad a aithnítear i bhflóra Afyonkarahisar. Ina theannta sin, tá 234 speiceas eindéimeacha in Afyonkarahisar. Níos tábhachtaí fós, an císte síolta poipín (a dtugann muintir na háite 'haşkeş' air) a chuimsítear sa chiondáil d'ainmhithe feola, cuireann sé le blas uathúil 'Afyon Sucuğu'. Is é an 'blas ar nós feola' suaithinseach is mó a bhíonn ar an gcíste síolta poipín óir bíonn neart aigéad sailleach neamhsháithithe ann.

Níl aon srian ar an bpór eallaigh eile atá le húsáid mar fhoinse feola in 'Afyon Sucuğu'. An t-eallach a bheidh le húsáid i dtáirgeadh 'Afyon Sucuğu', tá sé ar fáil i gcúige Afyonkarahisar agus i réigiúin eile na Tuirce. Mar sin féin, agus eallach ó réigiúin eile á chur ar fáil, ar theacht isteach i gcúige Afyonkarahisar dó, ní mór an t-eallach a bheathú faoi dhálaí Afyonkarahisar ar feadh 3 mhí ar a laghad, gan beann ar an séasúr; an córas beathaithe céanna a dtugtar tuairisc air thuas tá feidhm aige maidir le buabhaill Anatólacha.

Ainmhithe feola a bhfuil meáchan an mharaithe bainte amach acu (2-4 bliana d'aois) úsáidtear iad mar fhoinse feola.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ba cheart na próisis uile a dhéanamh sa limistéar geografach a shonraítear in Airteagal 4. Ní mór buabhaill Anatólacha a bheathú faoi dhálaí Afyonkarahisar, agus 'Afyon Sucuğu' á tháirgeadh. Ba cheart min phoipín a tháirgtear sa réigiún a chuimsiú sa chiondáil, i mbeathú na mbuabhall Anatólach go háirithe. Ina theannta sin, an táirgeadh sáiste *sujuk*, an conablach a ghearradh, é a chur trí mhiontóir feola, spíosraí agus breiseáin a chur leis, an coipeadh, cásáil stéigeacha beaga tirime nó cásáil chollaigine a líonadh isteach, agus an triomú, ní mór iad sin a dhéanamh laistigh de na teorainneacha geografacha sonraithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sa bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear sa reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair táirgí bia, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— Ainm an ainmniúcháin 'Afyon Sucuğu',

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó TGFC an Aontais Eorpaigh

— An lógó seo a leanas



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is i gcúige Afyonkarahisar atá an réigiún geografach ina dtáirgtear 'Afyon Sucuğu' go hoifigiúil. Tá Afyonkarahisar suite ar imeall thiar theas an mhachaire a bhfuil an t-ainm céanna air i Roinn Lár-Iarthar na hAnatóile den Réigiún Aeigéach. Tá suíomh matamaiticiúil an chúige idir líne chomhthreomhar 37° 47' — 39 12' agus fadlíne soir 2950'–3138', a bheag nó a mhór. Tá cúige Afyonkarahisar timpeallaithe ag cúigí Uşak ón iarthar, Kütahya ón iarthuaisceart, Eskişehir ón tuaisceart, Konya ón oirthear, Isparta ón oirdheisceart, Burdur ón deisceart agus Denizli ón iardheisceart. Tá 18 gceantar i gcúige Afyonkarahisar: Merkez, Başmakçı, Bayat, Bolvadin, Çay, Çobanlar, Dazkırı, Dinar, Emirdağ, Akşamler, Hocalar, İhsaniye, İscehisar, Kızılören, Sandıklı, Sinanpaşa, Şuhut agus Sultandağı.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Braitheann gnéithe sainiúla 'Afyon Sucuğu' ar na dálaí comhshaoil agus ar na tosca nádúrtha agus daonna. Beathaítear buabhaill agus eallach Anatólach ar fharae de réir an tséasúir, is é sin, seamair thirim, agus giolcacha úra a fhástar i mbogaigh, agus beathaítear iad i bhféarach ag a bhfuil flóra uathúil. An císte síolta poipín a chuimsítear sa chiondáil ainmhithe, cuireann sé le blas uathúil an táirge.

Tosca daonna

Tá 'Afyon Sucuğu' á tháirgeadh in Afyonkarahisar leis na céadta blianta. Tá Afyonkarahisar oiriúnach d'eallach agus do phórú buabhall Anatólach de thoradh na haeráide agus na tíreolaíochta a bhaineann leis. An taos *sujuk* a ullmhú, an t-oideas a úsáidtear, an *sujuk* a líonadh sa stéig bheag thriomaithe mairteola, an coipeadh agus an triomú, mhair siad go dtí an lá inniu tríd an eolas a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Tháirg muintir na Tuirce *Sujuk* chun feoil a chaomhnú ar thurais fhada, agus tá sé in úsáid ó bhí aois na hÁise Láir ann. Thug muintir na Tuirce na teicnící sin chuig an Anatóil agus chuir siad tús leis an stíl táirgthe sin.

Teastaíonn máistreacht chun na hoidis a úsáidtear a dhéanamh agus na céimeanna táirgthe a bhaint amach. Mar shampla, is próiseas an-éadrom é na stéigeacha a líonadh. Teastaíonn cúram ó stéigeacha a sháithítear sula líontar iad mar is féidir leo stróiceadh go han-tapa. Is amhlaidh sin toisc nach mór, le linn líonadh, na stéigeacha a líonadh gan aon spás aeir a fhágáil. Bíonn fás tapa múscáin nó meath micribhitheolaíoch le sonrú ag pointí ina bhfuil aerbhearna fágtha. Próiseas eile ina dteastaíonn cúram is ea ispíní a thriomú agus a choipeadh. Mar gheall ar thriomú tapa agus iomarcach ispíní, bíonn an táirge righin. Dá bhrí sin, is paraiméadair iad an teocht agus an bhogthaise chomhthimpeallach nach mór a rialú i gcónaí.

Sainiúlacht an táirge

Tá difríocht idir 'Afyon Sucuğu' agus *sujuks* eile i dtéarmaí datha, uigeachta agus blais mar gheall ar fheoil buabhaill Anatólaigh a bheith ann. Tá dath dúdhearg ar fheoil buabhaill toisc go bhfuil níos mó lí agus níos lú saille ionmhatánaigh (1-2 % saille) inti ná a bhíonn i mairteoil (3-4 % saille). Tá a saill bán toisc nach bhfuil caraitéine inti. Mar gheall ar na saincheisteanna datha sin tá cuma mhósáice ar leith ar 'Afyon Sucuk' sa chuid ghearrtha de. Ós rud é go n-úsáidtear níos lú spíosraí ná mar a úsáidtear i gcineálacha *sujuk* eile, tá blas na feola le sonrú níos mó in 'Afyon Sucuğu.'

Naisc Chúisíocha

Tá Afyonkarahisar ar cheann de chúigí na Tuirce ag a bhfuil an bhogthaise choibhneasta agus an luas gaoithe is ísle. Cruthaíonn siad sin sárdhálaí comhshaoil chun *sujuks* a thriomú. Na difríochtaí ardteochta idir lá agus oíche tá siad tábhachtach maidir le coipeadh agus triomú 'Afyon Sucuğu' a rialú.

Is cúige rathúil é Afyon i dtéarmaí éagsúlachta plandaí. Is eol go ndéantar tuairim agus 2 000 tacsan a dháileadh laistigh de theorainneacha na gcúigí. Plandaí dúchasacha de chuid na Tuirce is ea 330 de na plandaí sin. Is iad na finte plandaí Asteraceae, Fabaceae, Lamiaceae, Caryophyllaceae Verbascum, agus Astragalus is mó a fhásann in Afyonkarahisar. I measc na 330 speiceas sin, tá 6 speiceas dúchasacha de chúig Afyonkarahisar ann (Cota fulvida (Grierson) Holub, Sultan Babuççа; Astragalus×afyonicus (Ponert) Ponert, Afyon milkvetch; Polygonum afyonicum Leblebici agus Gemici, Afyon Madımağı; Sideritis akmanii Aytac, Ekici agus Donmez, Dağ Çayı nó Kuyruk Çayı; Thermopsis turcica Kit Tan, Vural agus Küçüködük, Eber Sarısı nó Yellow Licorice; Verbascum afyonense Hub.-Mor, Cow's Tail). Ina theannta sin, de thoradh na haeráide agus struchtúr na hithreach, fástar méid suntasach barr foráiste (veirteabraigh, seamair, sadhlas arbhair, agus goirm choiligh) sa réigiún.

Ina theannta sin, tá an Tuirc sa dara háit ar domhan ó thaobh táirgeadh síolta poipín de - táirgtear 12 240 tona de inti agus tá limistéar táirgthe 26 501 ha aici. De réir shonraí Institiúid Staidrimh na Tuirce (TUIK) 2022, is é Afyonkarahisar an cúige is mó ina dtáirgtear síolta poipín sa Tuirc, óir úsáidtear 31,3 % den limistéar le haghaidh táirgeadh agus déantar 34,9 % den táirgeadh. An laíon atá fágtha tar éis phróiseáil na síolta poipín, úsáidtear é chun ainmhithe feola a bheathú sa réigiún, go háirithe buabhaill.

Ceann de na gnéithe is riachtanaí de 'Afyon Sucuğu' is ea feoil buabhaill Anatólaigh. Is ainmhí feirme é an pór dúchasach a phóraítear sa Tuirc agus a dtugtar buabhaill Anatólacha air, ar buabhaill iad a thagann ó bhuabhaill na Meánmhara, foghrúpa de bhuabhaill abhann, agus atá oiriúnaithe do dhálaí na tíre.

Ina theannta sin, ós rud é gur ainmhithe iad na buabhaill a bhogann go mall agus a chaitheann an chuid is mó den lá san uisce le linn mhíonna an tsamhraidh, tá a gcuid feola níos boige ná feoil eallaigh atá ar comhaois leo. Tá níos lú saille ionmhatánaigh agus níos mó feola deirge ag feoil buabhaill de dhroim lí ard na matán.

Tá difríocht idir ‘Afyon Sucuğu’ agus *sujuks* eile ós rud é go n-úsáidtear feoil buabhaill Anatólaigh agus níos lú spíosraí. Bíonn blas na feola níos suntasaí ós rud é go n-úsáidtear níos lú spíosraí. Mar gheall ar an bhfeoil buabhaill Anatólaigh a úsáidtear, tá ‘Afyon Sucuğu’ níos dorcha toisc go bhfuil níos lú saille agus níos mó lí i bhfeoil buabhaill, agus go bhfuil a gheir bán; tá cuma mhósáice sa chuid ‘Afyon Sucuğu’ de thoradh na gcáithníní saille bána in uigeacht na feola deirge. Déantar ‘Afyon Sucuğu’ a líonadh go docht i stéig bó-ainmhí nó i dtruaill collaigine atá glanta go nádúrtha agus triomaithe. Tá tréscaoilteacht gáis agus taise na stéige mairteola níos airde ná tréscaoilteacht gáis agus taise na dtruaillí saorga, rud a fhágann go dtriomaíonn an *sujuk* amach go tapa. Idir an dá linn, fáisceann truaill thriomaithe na stéige an taos *sujuk* ar bhealach níos doichte. Ós rud é go n-úsáidtear níos lú spíosraí ná mar a úsáidtear i gcineálacha *sujuk* eile, tá blas na feola le sonrú níos mó in ‘Afyon Sucuğu.’

In Afyonkarahisar, úsáideann muintir na háite ‘Afyon Sucuğu’ mar bhronntanais agus tugann siad d’aíonna mar bhéilí é, agus a bhuí leis sin is é ‘Afyon Sucuğu’ siombail an cheantair. An blas agus na comhábhair uathúla atá ann, na teicnící táirgthe traidisiúnta, agus taithí fhairsing mhuintir na háite ina leith sin, is iad sin na príomhghnéithe a fhágann gur táirge ardchaighdeáin é ‘Afyon Sucuğu’. Tá táirgeadh ‘Afyon Sucuğu’ ina ardacmhainn eacnamaíoch le haghaidh Afyonkarahisar, i bhfianaise an lín tomhaltóirí agus na bpraghsanna arda díolacháin.

De thoradh na tábhachta eacnamaíche agus na cáile a bhaineann leis, tá Músaem *Sucuk* sa chúige ina n-insítear stair ‘Afyon Sucuğu’. Ar na cúiseanna céanna, bhí ‘Afyon Sucuğu’ ina ábhar do go leor staidéir eolaíocha. Dhearbhaigh UNESCO go raibh Afyonkarahisar ar cheann de na trí chathair ghastranómachais sa Tuirc in 2019.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

Feasachán um Thásc Geografach Oifigiúil, Ainmniúchán Tionscnaimh agus Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht de chuid Oifig Paitinne agus Trádmharcanna na Tuirce Uimh. 100 an 3 Bealtaine 2021, leathanach 122.